
SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Spórt Éireann

# Athbhreithniú ar Thimthriall Pháras



# Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Athbhreithnithe | 5 |
| Spórt Ardfheidhmíochta in Éirinn | 8 |
| Achoimre ar na Moltaí | 9 |

**Torthaí & Moltaí:**

| | |
|---|---|
| Colún 1 | 11 |
| Colún 2 | 14 |
| Colún 3 | 20 |
| Colún 4 | 25 |
| Colún 5 | 30 |
| Colún 6 | 34 |
| Colún 7 | 37 |

| | |
|---|---|
| Aguisín A | 41 |

# Réamhrá

Tá athbhreithnithe ceathairbhliantúla á ndéanamh ar chóras ardfheidhmíochta na hÉireann ó bunaíodh a leithéid in 2000, i ndiaidh na gCluichí in Sydney. Is deis iad na hathbhreithnithe seo chun na príomhrudaí a foghlaimíodh a shainaithint chun a chinntiú go leanann córas ardfheidhmíochta na hÉireann ar aghaidh ag forbairt agus deis machnamh a dhéanamh ar fhorbairt an chórais ó Thimthriall go Timthriall.

Ainneoin go ndearnadh na hathbhreithnithe thuasluaite ar bhealaí difriúla i gcaitheamh na mblianta, bhí gné a bhain le Cluichí agus le córas san áireamh iontu i gcónaí. Chun aitheantas a thabhairt d'aibíocht an chórais le beagnach 10 mbliana anuas, tá sé tráthúil anois athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras agus ar na Cluichí Oilimpeacha agus ar na Cluichí Parailimpeacha ina n-aonar, chun díriú go cuí ar na Cluichí de réir mar is gá. Dá réir sin, is é an tAthbhreithniú ar Thimthriall Pháras an chéad athbhreithniú córais amháin atá curtha i gcrích ag Spórt Éireann.

Trí úsáid a bhaint as seacht gcolún Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032) mar chreat treorach, fuarthas aiseolas, léargas agus tuairimí ó na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt (CNRanna) a bhfuil Maoiniú á fháil acu faoin gClár Ardfheidhmíochta. Lena chois sin, chuir príomhpháirtithe leasmhara cosúil le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann agus an Roinn, mar aon le comhghleacaithe in Institiúid Spórt Éireann, ar bhealach suntasach leis an bpróiseas athbhreithnithe. Bunaithe ar an méid sin, sholáthair Portas Consulting athbhreithniú cuimsitheach agus stuama ar an tslí ar éirigh leis an gcóras i rith Thimthriall Pháras, agus sainaithníodh tacar de 20 moladh chun a chinntiú go n-éiríonn le spórt ardfheidhmíochta in Éirinn le dul chun cinn a dhéanamh.

Is mian linn buíochas a ghabháil leis na daoine ar fad a chabhraigh leis an Athbhreithniú ar Thimthriall Pháras. Go háirithe, is mian linn aitheantas a thabhairt d'ionchur na lúthchleasaithe; ghlac breis is 185 lúthchleasaí páirt sa suirbhé a rinneadh mar chuid den phróiseas athbhreithnithe. Mar a léirítear i bhforbairt Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032), tugann Spórt Éireann tús áite go ghuth an lúthchleasaí a thaifeadadh ag pointí suntasacha d'fhorbairt an chórais.

Glacfaidh Spórt Éireann le cur chun feidhme na moltaí sainaitheanta mar phríomhphíosa oibre, i bhfianaise go bhfuiltear ag ullmhú chun díriú ar Thimthriall Los Angeles agus ar Thimthriall Brisbane.

**John Foley**
Cathaoirleach Spórt Éireann

**Úna May**
POF Spórt Éireann

**Olive Loughnane**
Cathaoirleach an Choiste Ardfheidhmíochta

# Réamhrá leis an Athbhreithniú ar Thimthriall Pháras

## Rinneadh cur síos sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, a foilsíodh in 2018, ar ghealltanas soiléir chun infheistíocht bhliantúil de €30 milliún a dhéanamh i spórt ardfheidhmíochta faoi 2027.

I mbliana, 2024, bhí an infheistíocht a rinne Spórt Éireann i spórt ardfheidhmíochta cothrom le €25 milliún, sin infheistíocht níos mó ná riamh roimhe sin. Lean an leibhéal infheistíochta seo níos airde ná riamh roimhe sin tréimhse d'fhás leanúnach i maoiniú atá á sholáthar do spórt in Éirinn, agus mhéadaigh an maoiniú foriomlán a cuireadh ar fáil do Chomhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt (CNRanna) 60% ó 2018.

Bunaithe ar leibhéil mhéadaithe d'infheistíocht agus ar an gcéad Straitéis Ardfheidhmíochta de chuid Spórt Éireann (2021- 2032), tá an córas ardfheidhmíochta aibithe go suntasach le deich mbliana anuas. Ó thaobh feidhmíochta de, tá méadú suntasach tagtha ar an rath idirnáisiúnta atá ar Éirinn, agus tá breis is 500 bonn buaite ó 2017. Chuir sé sin le cáil na hÉireann ar an ardán spóirt domhanda, agus is fianaise atá ann ar dhul chun cinn i gcomparáid leis na spriocanna boinn a bhfuil cur síos déanta orthu i Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032). Mar eagraíocht, tá forbairt shuntasach tagtha ar Spórt Éireann freisin – agus tá dul chun cinn déanta i ndáil le hearcú an chéad Cheannasaí ar Chóitseáil Ardfheidhmíochta, agus seoladh Máistirphlean an Champais, ina bhfuil fís shoiléir maidir le forbairt Champas Spórt Éireann as seo go ceann deich mbliana. Chumasaigh an Scéim Cártaí Idirnáisiúnta leibhéil mhéadaithe tacaíochta do lúthchleasaithe, agus leagadh níos mó béime ar lúthchleasaithe agus béim shoiléir, uilechórais ar leas.

Dá réir sin, chruthaigh an aibíocht seo, agus na leibhéil mhéadaithe d'infheistíocht, níos mó gá ná riamh le hinfheistíochtaí spriocdhírithe agus tosaíochta a bheith á ndéanamh sa chóras ardfheidhmíochta. Mar aitheantas ar an méid sin, rinne Spórt Éireann athbhreithniú straitéiseach chun cabhrú leis chun a infheistíochtaí agus cinnteoireacht amach anseo a threorú, agus é mar aidhm a chinntiú go bhfuil an córas in ann an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as poitéinseal an spóirt ardfheidhmíochta in Éirinn i rith Timthriallta Oilimpeacha agus Parailimpeacha amach anseo.

Tá athbhreithnithe á ndéanamh ar fheidhmíocht na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha mar chuid den chóras ardfheidhmíochta ó reáchtáladh Cluichí Sydney in 2000, agus glactar leo anois mar ghné lárnach chun machnamh agus mionleasú an chórais a chumasú, ó Thimthriall go Timthriall. Go stairiúil, bhí na hathbhreithnithe dírithe go príomha ar na Cluichí, agus bhí béim áirithe á leagan ar ghnéithe den chóras iomlán. Ó tharla gur fhorbair agus gur aibigh an córas ardfheidhmíochta le deich mbliana anuas, tá gá anois le hathbhreithnithe ar leithligh do na Cluichí agus don chóras. Dá réir sin, is é an tAthbhreithniú ar Thimthriall Pháras an chéad athbhreithniú dá leithéid, agus fianaise ar aibíocht agus ar ghairmiúlacht mhéadaithe chóras ardfheidhmíochta na hÉireann.

I mí na Nollag 2023, cheap Spórt Éireann Portas Consulting, gnólacht comhairliúcháin straitéise domhanda atá dírithe ar an tionscal spóirt, chun tabhairt faoin gcéad athbhreithniú ar chóras ardfheidhmíochta na hÉireann do Thimthriall Pháras (2021- 2024). Ba é cuspóir an athbhreithnithe measúnú oibiachtúil, fianaisebhunaithe a dhéanamh ar conas ar oibrigh agus ar fheidhmigh córas ardfheidhmíochta na hÉireann i rith Thimthriall Pháras.

Chun é sin a dhéanamh, thug Portas Consulting faoi phróiseas athbhreithnithe comhairligh fairsing agus an-chomhairleach, a rinneadh idir Nollaig 2023 agus Aibreán 2024. Baineadh tairbhe as na modhanna seo a leanas:

1. **Agallaimh le príomhphearsanra as raon páirtithe leasmhara**
   - Spórt Éireann
   - Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann
   - Coiste Ardfheidhmíochta Spórt Éireann
   - Institiúid Spórt Éireann
   - An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
   - Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann
   - Cumann Parailimpeach na hÉireann
   - Spórt Thuaisceart Éireann
   - Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann

2. **Agallaimh le Príomhfheidhmeannaigh (nó a gcomhionann) agus le Stiúrthóirí Feidhmíochta/ Ceannasaithe Feidhmíochta sa 19 CBR a bhfuil Maoiniú faoin gClár Ardfheidhmíochta á fháil acu**
   - Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann
   - Cumann Badmantain na hÉireann
   - Aontas Canúála na hÉireann
   - Cruicéad Éireann
   - Rothaíocht Éireann
   - Galf Éireann
   - Gleacaíocht Éireann
   - Cumann Haca na hÉireann
   - Eachspórt Éireann
   - Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann
   - Cumann Júdó na hÉireann
   - Cumann Rugbaí na hÉireann
   - Cumann Seoltóireachta na hÉireann
   - Taecuando Éireann
   - Cumann Parailimpeach na hÉireann (lúthchleasaíocht agus snámh)
   - Peantatlan Éireann
   - Rámhaíocht Éireann
   - Cumann Snámha na hÉireann
   - Trí-atlan Éireann

3. **Suirbhé Lúthchleasaithe** – curtha i gcrích ag 187 lúthchleasaí as an 19 CBR a bhfuil Maoiniú faoin gClár Ardfheidhmíochta á fháil acu (Féach Aguisín A chun eolas faoi phríomhphointí an tsuirbhé a fháil)

4. **Suirbhé Cóitseálaithe & Foirne Tacaíochta** – curtha i gcrích ag 94 cóitseálaí as an 19 CBR a bhfuil Maoiniú faoin gClár Ardfheidhmíochta á fháil acu (Féach Aguisín A chun eolas faoi phríomhphointí an tsuirbhé a fháil)

5. **Fócasghrúpa** le Ceannasaithe Tacaíochta Feidhmíochta (CTF) agus Ceannasaithe Seirbhísí (CS) in Institiúid Spórt Éireann

6. **Anailís ar dhoiciméid de chuid Spórt Éireann** – san áireamh anseo bhí sonraí maoinithe agus tacaíochta, iarratais mhaoinithe, Athbhreithnithe Lárbhliana CNR, Próifílí Tallainne agus Féinmheasúnuithe CNR (curtha i gcrích i mí Eanáir 2024)

7. **Tagarmharcáil idirnáisiúnta** – rinneadh taighde mionsonraithe ar chórais ardfheidhmíochta den chéad scoth ar fud an domhain lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, an Nua-Shéalainn, an Danmhairg, an Astráil, an Bhreatain Mhór, Ceanada agus an Ísiltír. Dá réir sin, tá cás-staidéir curtha san áireamh ar fud na tuarascála seo, chun léargas domhanda a thabhairt ar chórais/ar thionscnaimh ardfheidhmíochta. Pointe tábhachtach is ea go bhfuil obair mhaith á déanamh ag Spórt Éireann, i dteannta le príomhpháirtithe leasmhara eile, i réimsí gaolmhara cheana féin

1 Tugadh cuireadh do lúthchleasaithe ar fud an chórais chun an suirbhé a líonadh, trína CNRanna faoi seach. San áireamh anseo bhí lúthchleasaithe neamhshinsearacha agus sinsearacha, mar aon leo siúd a fhaigheann/nach bhfaigheann tacaíocht airgeadais/feidhmíochta trí Scéim Cártaí Idirnáisiúnta Spórt Éireann (nó a comhionann).

Sa tuarascáil seo soláthraítear tacar torthaí agus moltaí stuama maidir le timpeallacht reatha an chórais ardfheidhmíochta, do Spórt Éireann agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu le timpeallacht ardfheidhmíochta na hÉireann. Tá siad sin oibiachtúil agus fianaisebhunaithe, agus bunaithe ar shonraí, ar léargas agus ar eolas bailithe ag Portas Consulting i rith an phróisis athbhreithnithe. Bainfidh Spórt Éireann tairbhe as gach toradh agus moladh sa tuarascáil seo chun cabhrú le cinnteoireacht, le hinfheistíochtaí agus le straitéisí amach anseo a threorú ar mhaithe le breis forbairt a dhéanamh ar chóras ardfheidhmíochta na hÉireann sna Timthriallta Oilimpeacha agus Parailimpeacha amach anseo.



# Spórt Ardfheidhmíochta in Éirinn

## Fís, Fealsúnacht agus Straitéis Spórt Éireann

I Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032), leagtar amach a fhís, a fhealsúnacht agus a thosaíochtaí straitéiseacha d'fhorbairt leanúnach spórt ardfheidhmíochta na hÉireann.

### Fís

Tá sé mar aidhm leanúnach ag Éireann duaiseanna a bhuachan ar an ardán domhanda, an náisiún agus na glúnta amach anseo a spreagadh chun páirt a ghlacadh i spórt. I measc na bpríomhspriocanna tá 8-10 mbonn ag Cluichí Oilimpeacha amach anseo agus 12-16 bhonn ag Cluichí Parailimpeacha amach anseo, mar aon le méadú suntasach ar líon na mbonn a bheidh á mbuachan ag comórtais Domhanda agus Eorpacha.

### Fealsúnacht

Tá lúthchleasaithe agus baill foirne Spórt Éireann ag croílár straitéis Spórt Éireann. Tá tacar luachanna atá sainithe go soiléir mar bhonn le gach gníomhaíocht: Uaillmhian, Iontaoibh, Tiomantas, Nuálaíocht, Cuntasacht agus Macántacht.

### Straitéis

Cuirfear an Straitéis Ardfheidhmíochta i gcrích i gcomhpháirt leis an bpobal ardfheidhmíochta trí chéile. Tá an straitéis seo bunaithe ar bhéim atá á leagan ar sheacht gcolún straitéiseacha (Fíor 1).




* Lena n-áirítear: An Rialtas, Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, institiúidí ardoideachais

Fíor 1. Seacht gColún Straitéiseacha na Straitéise Ardfheidhmíochta (2021-2032)

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar Sheacht gColún Spórt Éireann. Do gach colún, shainaithin agus d'fhorbair Portas Consulting torthaí agus moltaí stuama, a chabhróidh chun Spórt Éireann a chur ar an eolas maidir leis an gcóras ardfheidhmíochta a fhorbairt a thuilleadh ar fud Thimthriallta Los Angeles (2025-2028) agus Brisbane (2029-2032).

# Achoimre ar na Moltaí

## COLÚN 1: INFHEISTÍOCHT ATÁ DÍRITHE AR FHEIDHMÍOCHT

1. Feasacht a mhúscailt ar an ngá atá le leibhéal ard infheistíochta sa chóras
2. Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an straitéis leithdháilte maoinithe chun tuilleadh eolais a chur ar fáil don chur chuige leanúnach maidir le spórt ardfheidhmíochta a mhaoiniú

## COLÚN 2: FEIDHMÍOCHT & TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH LÚTHCHLEASAITHE

3. Infheistíocht a dhéanamh in eolas agus taighde maidir le paralúthchleasaithe
4. Comhoibriú go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta chun beartais agus tionscnaimh a fhorbairt a thacaíonn ar bhealach níos fearr le CNRanna chun tionscnaimh leasa lúthchleasaithe a chur ar fáil
5. Athbhreithnithe Cultúir a dhéanamh chun an bhéim atá á leagan ar lúthchleasaithe i ngach Timthriall amach anseo a mhéadú
6. Cur chuige soiléir a fhorbairt chun tacú le CNRanna chun lúthchleasaithe atá ag dul ar scor a choinneáil laistigh den chóras
7. Straitéis a fhorbairt chun infheistíocht agus tacaíocht a mhéadú chun conairí foirmiúla, soiléire agus ailínithe lúthchleasaí a fhorbairt do gach spórt ardfheidhmíochta

## COLÚN 3: SEIRBHÍSÍ CÓITSEÁLA & TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH

8. Tacú le hInstitiúid Spórt Éireann aistriú chuig samhail fostaíochta hibrideach agus an caidreamh le hInstitiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann a eagrú ar bhonn foirmiúil
9. Tacú le hInstitiúid Spórt Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le samhail réigiúnach chun seirbhísí feidhmíochta a chur ar fáil do lúthchleasaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath
10. Fís shoiléir 10 mbliana a fhorbairt agus eolas maidir léi a roinnt le haghaidh cóitseáil ardfheidhmíochta in Éirinn le hacmhainní agus le hinfheistíocht thiomnaithe

## COLÚN 4: STRUCHTÚIR & PLEANÁIL GHNÓ

11. Leanúint ar aghaidh ag tacú le CNRanna chun struchtúir rialachais ghairmiúla a fhorbairt
12. Straitéis a dhearadh chun réamhghníomhaíocht agus neamhspleáchas CNRanna a mhéadú – agus béim a leagan ar dhéileáil le bearnaí acmhainne sa chóras
13. Tacú le CNRanna chun athbhreithnithe straitéiseacha neamhspleácha a dhéanamh i rith Timthriallta amach anseo
14. Leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as poitéinseal tráchtála spóirt in Éirinn

## COLÚN 5: COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

15. Tús áite a thabhairt do chomhoibriú agus d’fhorbairt comhpháirtíochtaí chun tacú le fás an chórais, ag díriú go sonrach ar institiúidí tríú leibhéal, ar an earnáil phríobháideach agus ar náisiúin eile den chéad scoth
16. Dlús a chur le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun feasacht ar rath laistigh den chóras a mhéadú, chun ailíniú a chruthú agus chun spéis a chothú sa Straitéis Ardfheidhmíochta (2021-2032)

## COLÚN 6: ÁISEANNA & TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH

17. Deiseanna láithreacha a mbeidh tionchar acu a shainaithint agus díriú orthu chun maoiniú a fháil ar mhaithe le háiseanna a fhorbairt
18. Deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh i seachadadh Mháistirphlean an Champais ar mhaithe le soiléire agus le hiontaoibh

## COLÚN 7: TAIGHDE & NUÁLAÍOCHT

19. Straitéis chuimsitheach, chomhleanúnach a fhorbairt do nuálaíocht i spórt in Éirinn
20. Díriú ar chomhpháirtíochtaí leis an earnáil phríobháideach chun buntáiste iomaíoch a chinntiú sa réimse seo

# Feidhmíocht an Chórais i gcomparáid le Seacht gColún Spórt Éireann

## Torthaí & Moltaí Portas Consulting

Colún 1:
# Infheistíocht Feidhmíochta Spriocdhírithe



# *Beartú tosaíochta agus feidhmíocht*

## TORTHAÍ:

**Bhí tionchar suntasach agus fiúntach ag infheistíocht mhéadaithe sa chóras**
Tharraing gach páirtí leasmhar agus CNR aird ar na tionchair dhearfacha atá ag an infheistíocht €90 milliún[1], infheistíocht níos mó ná riamh roimhe seo, i gcóras ardfheidhmíochta na hÉireann i rith Thimthriall Pháras. I measc na dtionchar bhí breis gairmiúlachta, cumas níos fearr díriú ar thacaíocht iomlánaíoch do lúthchleasaithe agus dul chun cinn dearfach i gcomparáid leis an spriocanna a leagadh amach i Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032). Chuir an infheistíocht sin ar chumas na hÉireann an sprioc - 270 bonn i rith Thimthriall Pháras - a shárú, mar a leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta Spóirt (2021-2023).

**Bhí tionchar dearfach ag an maoiniú ilbhliantúil ar CNRanna**
Bhí tionchar dearfach ag maoiniú ilbhliantúil ar chumas CNRanna pleananna fadtéarmacha a dhéanamh. Chumasaigh sé sin cinnteoireacht níos fadtéarmaí, níos straitéisí agus earcú ball foirne ar ardchaighdeán i rith Thimthriall Pháras. Ba cheart glacadh le soláthar an mhaoinithe ilbhliantúil mar ghné lárnach de chóras ardfheidhmíochta na hÉireann amach anseo.

**Tá deis ann do thuilleadh beartaithe tosaíochta agus do níos mó béime a leagan ar mhaoiniú i dTimthriallta amach anseo**
Bhí leithdháileadh Maoinithe an Chláir Ardfheidhmíochta ar 20 clár (19 CNR) ceart i rith Thimthriall Pháras, dar le páirtithe leasmhara. Is léir, áfach, bunaithe ar thagarmharcáil idirnáisiúnta go bhféadfadh beartú tosaíochta méadaithe maoinithe tacú le hÉirinn na spriocanna boinn Oilimpeacha agus Parailimpeacha atá sonraithe sa Straitéis Ardfheidhmíochta a chomhlíonadh (2021-2032).



### CÁS-STAIDÉAR: ARDFHEIDHMÍOCHT SPÓRT NA NUA-SHÉALAINNE

Tugann tosaíocht d'infheistíocht ardfheidhmíochta i 10 'Spórt Póidiam' – iad siúd lena mbaineann torthaí póidiam ag imeachtaí móra, agus neart poitéinsil do thorthaí póidiam ag imeachtaí móra amach anseo.

Tacaítear le 34 'Spórt Ardaidhmeannach' breise trí chiste ar leith – iad siúd lena mbaineann suntas cultúrtha nó atá ailínithe go straitéiseach le cuspóirí na Nua-Shéalainne. Tacaítear leis na CNRanna seo trí infheistíochtaí spriocdhírithe, lena n-áirítear tacaíocht feachtais do lúthchleasaithe sonracha, folláine lúthchleasaithe agus forbairt conaire.

1 Ní bheidh an figiúr deiridh ar eolas go dtí deireadh 2024.

## MOLTAÍ:

**Feasacht a mhúscailt ar an ngá atá le hardleibhéil infheistíochta a dhéanamh sa chóras**
Ba cheart do Spórt Éireann agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile tús áite a thabhairt d'fheasacht a mhúscailt faoin tábhacht a bhaineann le hinfheistíochtaí poiblí leanúnacha sa chóras ardfheidhmíochta, agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an maoiniú sin chun na spriocanna a bhfuil cur síos déanta orthu sa Straitéis Ardleibhéil (2021-2032), i rith Thimthriall Los Angeles agus Thimthriall Brisbane, a bhaint amach. Lena chois sin, ó tharla go bhfuil ról níos tábhachtaí ag tionchar sóisialta i ndáil le maoiniú a chur ar fáil do spórt ardfheidhmíochta ar fud an domhain, ba cheart go dtarraingeodh tionscnaimh múscailte feasacht aird freisin ar thionchair shóisialta infheistíochtaí an rialtais chun maoiniú a choimeád agus a fháil do spórt ardfheidhmíochta i ngach Timthriall amach anseo.

**Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an straitéis leithdháilte maoinithe chun tuilleadh eolais a chur ar fáil don chur chuige leanúnach maidir le spórt ardfheidhmíochta a mhaoiniú**
Ní mór athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar straitéis leithdháilte maoinithe Spórt Éireann sa Timthriall amach romhainn. Go sonrach, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an athbhreithniú na spóirt a shainaithint a bhfuil an fhéidearthacht is mó acu cur go suntasach le mórspriocanna feidhmíochta idirnáisiúnta na hÉireann. Cuirfidh sé sin ar chumas Spórt Éireann an líon is fearr spórt a shainaithint chun Maoiniú a fháil faoin gClár Ardfheidhmíochta.

Ba cheart go n-áireofaí sa phróiseas athbhreithnithe taighde agus rannpháirtíocht le córais spóirt ardfheidhmíochta den chéad scoth ar fud an domhain, chun teacht ar thuiscint ar dhea-chleachtas i maoiniú do spórt ardfheidhmíochta agus chun a leithéid a shainaithint.

> *Moltar i réamh-hipitéisí Portas Consulting gur cheart do Spórt Éireann breithniú a dhéanamh ar chur chuige níos spriocdhírithe maidir le maoiniú:*
>
> *Ba cheart díriú ar spóirt atá sainaitheanta mar spóirt lena mbaineann 'féidearthacht shuntasach' cur le mórspriocanna feidhmíochta idirnáisiúnta na hÉireann sa chéad dhá Thimthriall eile (i.e., spriocanna boinn Oilimpeacha agus Parailimpeacha) mar chuid de Mhaoiniú Chlár Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (an chatagóir maoinithe is mó).*
> *I measc na dtosca ar cheart breithniú a dhéanamh orthu ag an leibhéal seo tá feidhmíocht ag imeachtaí éilíte, leibhéal tallainne sna conairí forbartha agus caighdeán fhoireann CNR.*
> *Tá sé riachtanach go mbeadh struchtúir oiriúnacha agus ghairmiúla ag na spóirt sa chatagóir maoinithe is mó chun tacú le hiarrachtaí lúthchleasaithe.*
>
> *Ba cheart go n-áireofaí sa dara catagóir líon níos mó CNRanna, iad siúd is dócha atá ag céim forbartha níos luaithe ná an chatagóir is mó – i.e., iad siúd ag a bhfuil 'féidearthacht amach anseo' cur le spriocanna feidhmíochta idirnáisiúnta na hÉireann. D'fhéadfaí tacú leis na spóirt sin trí infheistíocht agus seirbhísí saincheaptha, trí dhíriú ar chonairí a fhorbairt chun píblínte tallainne a fhorbairt, gairmiúlacht a fheabhsú agus inbhuanaitheacht a chinntiú trí rialachas agus uasoiliúint pleanála gnó.*

# Colún 2: Feidhmíocht Lúthchleasaithe & Tacaíocht Iomlánaíoch



# *Leas, gairm, comórtas agus aistrithe lúthchleasaithe*

## TORTHAÍ:

**Feidhmíocht gan choinne lúthchleasaithe i dTimthriall Pháras**
I dTimthriall Pháras go dtí seo, bhuaigh spóirt atá Maoinithe ag Clár Ardfheidhmíochta na hÉireann 309 bonn2, líon bonn a sháraigh sprioc Phlean Gníomhaíochta Spóirt (2021-2023) - 270 bonn ar fad i rith Thimthriall Pháras. Tá fianaise le fáil sa chomparáid idir dul chun cinn agus spriocanna feidhmíochta ar thionchair dhearfacha na n-infheistíochtaí méadaithe i spórt ardfheidhmíochta in Éirinn.

**Dúshláin sainaitheanta ag Cumann Parailimpeach na hÉireann**
Shainaithin Cumann Parailimpeach na hÉireann roinnt dúshlán i rith an Timthrialla, agus tá siad ag obair orthu ar bhonn réamhghníomhach le Spórt Éireann agus é mar aidhm iad a shárú. San athbhreithniú sainaithníodh roinnt tosca a chuireann le héachtaí na hÉireann sna spóirt pharailimpeacha, lena n-áirítear roinnt lúthchleasaithe cáiliúla a bheith ag dul ar scor, saoráidí gan a bheith in ann tacú le riachtanais oiliúna para-lúthchleasaithe agus eolas teoranta ar phara-lúthchleasaithe laistigh den chóras.

Tá tús curtha ag Cumann Parailimpeach na hÉireann, i gcomhpháirt le Spórt Éireann, le céimeanna chun déileáil leis na dúshláin sin laistigh den chóras i gcomhair Thimthriall 2028 agus Thimthriall 2032. San áireamh ansin bhí tús a chur leis an gclár dar teideal An Chéad Ghlúin Eile, a bhfuil sé mar aidhm leis an chéad ghlúin eile de Lúthchleasaithe Parailimpeacha na hÉireann a shainaithint, tacú le haistriú para-snámha agus para-lúthchleasaíochta chuig Cumann Snámha na hÉireann agus Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann faoi seach, agus moltaí Athbhreithniú Thóiceo a chur chun feidhme. Beidh tacaíocht leanúnach Spórt Éireann do Cumann Parailimpeach na hÉireann ríthábhachtach i dTimthriallta amach anseo, go háirithe chun a chinntiú go mbeidh eispéiris para-lúthchleasaithe laistigh den chóras ardfheidhmíochta dearfach agus fiúntach.

**Tá gá le níos mó béime a leagan ar leas agus ar chumhdach lúthchleasaithe**
Ag leibhéal domhanda, agus laistigh d'Éirinn, tá níos mó brú ar chórais spóirt ardfheidhmíochta chun timpeallachtaí iomlánaíocha a chruthú chun lúthchleasaithe a oiliúint agus a fhorbairt. Tá ról ríthábhachtach ag leas, cultúr agus tacaíocht iomlánaíoch sa chomhthéacs seo.

In 2021, bhunaigh Spórt Éireann Clár Éabhlóide Cultúir chun tacú le CNRanna chun eispéireas lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus foirne tacaíochta a chosaint agus a uasmhéadú. San áireamh ansin tá próiseas Athbhreithnithe Cultúir, iniúchadh atá déanta ag an gComhairleoir um Chultúr Ardfheidhmíochta agus Macántachta, a rinne 30% de na CNRanna i rith Thimthriall Pháras. Tarraingíonn sé sin aird ar fheasacht mhéadaithe CNRanna ar an tábhacht a bhaineann le cultúr agus le leas i ndáil lena lúthchleasaithe.

Tarraingíodh aird, áfach, i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear cóitseálaithe agus lúthchleasaithe, ar an ngá atá le béim níos mó agus níos cuimsithí a leagan ar leas lúthchleasaithe, agus easpa tuisceana ar 'dhea- chleachtas' i ndáil leis an ábhar seo. Dá réir sin, beidh tacaíocht leanúnach Spórt Éireann do CNRanna chun beartais agus tionscnaimh leasa stuama, a bheidh bunaithe ar lúthchleasaithe, a sholáthar ríthábhachtach i dTimthriallta amach anseo.

2 Nuair a chuirtear boinn shuntasacha buaite ag spóirt nach bhfuil á Maoiniú ag an gClár Ardfheidhmíochta san áireamh, tá líon iomlán na mbonn cothrom le 324 (amhail ar an 8 Iúil 2024).

**Tá céatadán ard CNRanna ag streachailt le haistrithe lúthchleasaithe**
Tá ag teip ar go leor CNRanna lúthchleasaithe atá ar scor a choinneáil páirteach ina gcláir ardfheidhmíochta, ainneoin go mbaineann buntáistí soiléire lena leithéid – lena n-áirítear eolas a choimeád agus guth an lúthchleasaí a uasmhéadú. Tarraingíodh aird i gcomhairliúchán le lúthchleasaithe freisin ar an leibhéal tacaíochta agus seirbhísí scileanna saoil a chuirtear ar fáil laistigh de CNRanna, atá ríthábhachtach chun tacú le haistriú deas réidh lúthchleasaithe óna ngairm ghairmiúil go dtí a saol i ndiaidh na n-imeachtaí spóirt. Dá réir sin, rachadh comhoibriú idir Spórt Éireann agus príomhpháirtithe leasmhara chun tacaíocht sa réimse seo a fheabhsú chun tairbhe an chórais trí chéile.

**Rinneadh faillí ar chonairí lúthchleasaithe riamh anall**
Tá infheistíochtaí agus tacaíocht chun conair a fhorbairt ríthábhachtach chun torthaí feidhmíochta a chinntiú amach anseo. Rinne Éire faillí riamh anall, áfach, ar chonairí lúthchleasaithe mar gheall ar easpa eolais agus acmhainní. Chruthaigh sé sin ganntanas conairí foirmiúla, struchtúrtha do lúthchleasaithe chun forbairt laistigh d'Éirinn – cuireadh srian le tionchar na CNRanna ar fhorbairt lúthchleasaithe, agus méadaíodh an seans go n-aistreoidh lúthchleasaithe chuig córais spóirt náisiúnta eile. Admhaíonn gach páirtí leasmhar an gá atá níos mó infheistíochta agus tacaíochta do CNRanna chun conairí lúthchleasaí níos láidre a fhorbairt.



## MOLTAÍ:

**Infheistíocht a dhéanamh in eolas agus taighde maidir le para-lúthchleasaithe a fhorbairt agus a scaipeadh**
Straitéis a dhearadh chun eolas agus taighde a bhailiú faoi dháileadh daoine atá faoi mhíchumas ar fud na tíre. Na sonraí sin a úsáid chun tacú le Cumann Parailimpeach na hÉireann chun cur chuige níos spriocdhírithe a chur chun feidhme chun lúthchleasaithe a shainaithint agus a fhorbairt. Eolas a scaipeadh chun cur le tuiscint páirtithe leasmhara ar riachtanais para-lúthchleasaithe, eispéiris níos dearfaí agus níos fiúntaí a chruthú do phara-lúthchleasaithe laistigh den chóras.

**Comhoibriú go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta chun beartais agus tionscnaimh a fhorbairt a thacaíonn ar bhealach níos fearr le CNRanna chun tionscnaimh leasa lúthchleasaithe a chur ar fáil**
Ba cheart do Spórt Éireann níos mó comhoibriú a dhéanamh le heagraíochtaí spóirt idirnáisiúnta chun teacht ar thuiscint ar dhea-chleachtas i ndáil le caighdeáin leasa lúthchleasaithe. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh comhpháirtíochtaí le hinstitiúidí acadúla (e.g., oideachas tríú leibhéal) tacú le Spórt Éireann chun léargas agus straitéisí a shainaithint chun cultúir dhearfacha a fhorbairt laistigh den spórt ardfheidhmíochta. Ba cheart an t-eolas agus an saineolas sainaitheanta a scaipeadh ar CNRanna trí shraith clár oideachais (i.e., seimineáir ghréasáin, treoir), agus béim shonrach a leagan ar a chinntiú go dtuigeann an fhoireann CNR uile an tábhacht a bhaineann le leas lúthchleasaithe i spórt ardfheidhmíochta. Chomh maith leis sin, ba cheart do Spórt Éireann deiseanna comhroinnte eolais idir CNRanna a éascú, chun ailíniú a chruthú agus chun caighdeáin leasa ar fud an chórais a ardú.

**Athbhreithnithe Cultúir a dhéanamh chun an bhéim atá á leagan ar lúthchleasaithe i ngach Timthriall amach anseo a mhéadú**
Ba cheart do Spórt Éireann a chinntiú go gcuireann gach CNR an próiseas Athbhreithnithe Cultúir i gcrích faoi dheireadh Thimthriall Los Angeles. Tacóidh sé sin le gach CNR chun réimsí fócais ríthábhachtacha a shainaithint nach mór díriú orthu chun cultúir níos láidre agus níos bunaithe ar lúthchleasaithe a fhorbairt, de réir bheartas leasa lúthchleasaithe Spórt Éireann. Go fadtéarmach, ba cheart do Spórt Éireann breithniú a dhéanamh ar Athbhreithnithe Cultúir a fhorfheidhmiú laistigh de gach Timthriall – i.e., rud a chiallaíonn gur próiseas éigeantach é seo do gach CNR a bhfuil Maoiniú á fháil acu faoin gClár Ardfheidhmíochta. Chinnteodh sé sin go bhfuil breithniú rialta á dhéanamh ag CNRanna ar gach gné de chinnteoireacht, agus a chinntiú go bhfuil tús áite á thabhairt do leas i ngach Timthriall amach anseo.

**Cur chuige soiléir a fhorbairt chun tacú le CNRanna chun lúthchleasaithe atá ag dul ar scor a choinneáil laistigh den chóras**
Tagarmharcáil a dhéanamh chun cláir ardfheidhmíochta a shainaithint (náisiúnta agus idirnáisiúnta) le cláir aistrithe láidre do lúthchleasaithe atá ag dul ar scor. Roinnt eolais a éascú mar aon le deiseanna oideachais chun eolas a roinnt le CNRanna maidir le dea-chleachtais chun tacú le lúthchleasaithe lena n-aistrithe ón spórt iomaíoch, agus a ndeiseanna agus dreasachtaí chun fanacht laistigh den chóras a uasmhéadú. Ba cheart go mbeadh Spórt Éireann dírithe ar thacú le agus ar CNRanna a uasoiliúint chun cur ar a gcumas níos mó tacaíochta foirmiúla agus spriocdhírithe a chur ar fáil do lúthchleasaithe atá ag dul ar scor, agus é mar aidhm saineolas agus tallann a choinneáil sa chóras.

### CÁS-STAIDÉAR: ARDFHEIDHMÍOCHT SPÓRT NA NUA-SHÉALAINNE

Tacaigh le lúthchleasaithe atá gníomhach faoi láthair agus atá ar scor chun tabhairt faoi chúrsaí oideachais tríú leibhéal agus cáilíochta gairme taobh lena ngairmeacha spóirt trí Scoláireacht Lúthchleasaithe an Taoisigh. Tá critéir roghnúcháin bunaithe ar thorthaí bainte amach ag imeachtaí idirnáisiúnta roghnaithe. Dámhachtainí airgeadais de suas le €10,000 sa bhliain, don lúthchleasaí, chun cur ar chumas lúthchleasaithe scileanna a fhorbairt agus cáilíochtaí a bhaint amach a thacaíonn lena n-aistriú chuig an saol i ndiaidh an spóirt.


Chomh maith leis sin, ba cheart do Spórt Éireann scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun tacú le lúthchleasaithe atá ag aistriú rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais agus gairme – d'fhéadfaí iad sin a chuimsiú i gClár Aistrithe Gairme Lúthchleasaithe Spórt Éireann. Ba cheart tús áite a thabhairt do thionscnaimh cosúil le forbairt caidrimh idir CNRanna agus an earnáil phríobháideach a éascú agus níos mó maoinithe a chur ar fáil chun deontais airgeadais a chur ar fáil do lúthchleasaithe atá ag aistriú chun cáilíochtaí oideachais a bhaint amach

**Straitéis a fhorbairt chun infheistíocht agus tacaíocht a mhéadú chun conairí foirmiúla, soiléire agus ailínithe lúthchleasaí a fhorbairt do gach spórt ardfheidhmíochta**

Trí chomhairliúchán fairsing le CNRanna agus páirtithe leasmhara conaire, ba cheart do Spórt Éireann straitéis shoiléir a fhorbairt chun tacú le forbairt conairí lúthchleasaithe. Ba cheart go mbeadh an straitéis sin bunaithe ar thagarmharcáil idirnáisiúnta shuntasach, lena n-áirítear rannpháirtíocht le Spórt Thuaisceart Éireann, chun dea- chleachtas i bhforbairt conaire a shainaithint. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbreithneofaí sa straitéis deiseanna chun tairbhe a bhaint as cultúr spóirt uathúil na hÉireann agus díriú ar lúthchleasaithe lena mbaineann go leor féidearthachta i spóirt eile (e.g., cluichí Gaelacha) chun conairí a fhorbairt i spóirt Oilimpeacha agus Parailimpeacha.

> *Réamh-hipitéisí Portas Consulting – ba cheart do Spórt Éireann breithniú a dhéanamh ar na prionsabail seo a leanas nuair a bheidh a straitéis conairí á forbairt aige:*
>
> - *Cur chuige spriocdhírithe: Beidh sé ríthábhachtach riachtanais tosaíochta lúthchleasaithe nua a shainaithint chun a chinntiú go leithdháiltear acmhainní oiriúnacha agus comhréireacha ar chonairí.*
> - *Tacaíocht shaincheaptha: Beidh tacaíocht shaincheaptha ag teastáil ó CNRanna chun a gconairí lúthchleasaí a fhorbairt agus a bhunú go foirmiúil – níl cur chuige bunaithe ar "an toise céanna do gach duine" oiriúnach.*
> - *Sonraí: Beidh sé riachtanach úsáid a bhaint as sonraí lúthchleasaithe chun a chinntiú go bhfuiltear ag tacú leis na lúthchleasaithe conaire cearta ar na bealaí cearta. Beidh sé riachtanach monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh freisin chun a chinntiú go mbaintear na torthaí beartaithe amach – beidh príomhról ag sonraí anseo.*
> - *Comhoibriú: Ní mór do CNRanna tairbhe a bhaint as cur chuige réamhghníomhach, rannpháirteach chun riachtanais tacaíochta a shainaithint go roghnaitheach (e.g., lúthchleasaithe).*

Tá sé ríthábhachtach, ainneoin go bhfuil gá le méadú suntasach ar thacaíocht conaire do CNRanna, go dtreoróidh agus go gcuirfidh CNRanna dlús le forbairt a gconairí. Tá ról lárnach ag conairí in inbhuanaitheacht fheidhmíochtaí CNRanna amach anseo, agus ba cheart do CNRanna tús áite a thabhairt dó seo i dTimthriall Los Angeles agus i dTimthriall Brisbane.






## CÁS-STAIDÉAR: INSTITIÚID SPÓIRT NA hASTRÁILE

Tá 16% (~€16 milliún) de mhaoiniú ardfheidhmíochta na hAstráile leithdháilte ar thacaíocht d'fhorbairt conairí feidhmíochta i ngach spórt ardfheidhmíochta. San áireamh ansin tá creat soiléir a fhorbairt chun tacú le CNRanna chun conairí lúthchleasaithe a fhorbairt.

**Creat: Bonnsraitheanna, Tallann, Éilít agus Máistreacht**
Scaipeadh é sin ar fud an chórais ardfheidhmíochta, i dteannta le huirlisí praiticiúla agus le treoir, chun soiléire a chruthú maidir le forbairt lúthchleasaithe laistigh den Astráil.

## CÁS-STAIDÉAR: FOIREANN NA DANMHAIRGE

Comhoibríonn Foireann na Danmhairge le 23 bardas éilíte (moil réigiúnacha) chun conairí ardfheidhmíochta soiléire a chruthú i spóirt sainitheanta:

- Díríonn gach bardas ar 5-10 spórt
- Comhoibríonn bardais le heagraíochtaí spóirt agus le comhpháirtithe oideachais tríú leibhéal ina réigiúin chun píblínte tallainne inbhuanaithe a fhorbairt i ngach spórt
- Tacaítear le lúthchleasaithe nua i dtimpeallachtaí ina mbreithnítear a bhforbairt spóirt, oideachais agus phearsanta, agus cuirtear cúrsaí oiliúna sonracha ar fáil dóibh chun ullmhú do ghairmeacha sa spórt éilíte (e.g., cúrsaí cothaithe).

# Colún 3:
# Seirbhísí Cóitseála & Tacaíochta den Chéad Scoth



# *Na daoine is fearr agus is féidir ag tacú lenár lúthchleasaithe*

## TORTHAÍ:

**Tá treo straitéiseach soiléir cruthaithe ag Léiriú Intinne (2024-2032) Institiúid Spóirt na hÉireann don eagraíocht**
Déantar cur síos sa Léiriú Intinne (2024-2032) ar thosaíochtaí soiléire d'Institiúid Spóirt na hÉireann chun cur ar bhealach dearfach le Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032) sna Timthriallta amach anseo. Tarraingítear aird sa tagarmharcáil idirnáisiúnta a rinneadh mar chuid d'fhorbairt an Léirithe Intinne gealltanas do dhea-chleachtas agus do chinnteoireacht fhianaisebhunaithe. Ina theannta sin, tá cuspóirí straitéiseacha Institiúid Spóirt na hÉireann, cosúil le tacaíocht chonaire a sholáthar agus athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr eagraíochta, athlínithe leis na torthaí ón gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara a rinneadh mar chuid den athbhreithniú straitéiseach seo, fianaise go bhfuil ailíniú le tabhairt faoi deara laistigh den chóras i gcomparáid leis an gColún seo.

**Cruthaíonn dúshláin a bhaineann le tallann den chéad scoth a choimeád agus a earcú laistigh den chóras riosca suntasach amach anseo**
Sainaithníodh iomaíocht idirnáisiúnta do chóitseálaithe agus tionchair bhaill foirne Institiúid Spórt Éireann a cheapadh ar bhonn conartha mar bhacainní soiléire ar choimeád agus ar earcú leanúnach cóitseálaithe agus ball foirne tacaíochta feidhmíochta den chéad scoth. Go sonrach, d'fhéadfadh an tsamhail chonraitheora in Institiúid Spórt Éireann srian a chur le héagsúlacht i measc iarratasóirí féideartha mar gheall ar ghanntanas nó ar theorainn ar shochair agus ar bheartais cosúil le saoire mháithreachais. Beidh cinneadh Institiúid Spórt Éireann athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail chonraitheora agus ar an aistriú chuig samhail fostaíochta hibrideach ríthábhachtach chun déileáil leis an riosca seo don chóras.

**Éagothroime i gcumas lúthchleasaithe rochtain a fháil ar thacaíocht feidhmíochta mar gheall ar dhúshláin a bhaineann le soláthar tacaíochta lárnaí**
Is fianaise é lárú tacaíochta agus seirbhísí in Institiúid Spórt Éireann i mBaile Átha Cliath ar na héilimh ó spóirt a bhunaíonn agus a sholáthraíonn a gcláir ó Champas Spórt Éireann.
Bhí an lárú sin mar bhonn, áfach, le lúthchleasaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bheith ag streachailt chun rochtain a fháil ar leibhéil tacaíochta feidhmíochta leordhóthanacha nó chothroma i gcomparáid le lúthchleasaithe atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, nó i gcláir láraithe in aice le hInstitiúid Spórt Éireann. I bhfianaise na ndúshlán rochtana sin, tá éileamh suntasach ar chur chuige nua, réigiúnach chun tacaíocht feidhmíochta a chur ar fáil do lúthchleasaithe trí mhoil feidhmíochta réigiúnacha.




**Deiseanna chun soláthar na tacaíochta feidhmíochta a chuíchóiriú**
Tá samplaí ann de thacaíocht feidhmíochta a bheith á soláthar go neamhéifeachtúil, mar shampla dúbailt seirbhísí idir Institiúid Spórt Éireann agus Institiúid Spórt Spóirt Thuaisceart Éireann. Shainaithin páirtithe leasmhara gá le caidreamh níos foirmiúla agus níos comhoibríche idir na heagraíochtaí sin. Chinnteodh sé sin go bhfuil an úsáid is fearr agus is féidir á baint as acmhainní, agus go bhfuil cásanna dúbailte á laghdú.

**Dúshláin shuntasacha laistigh de chóitseáil ardfheidhmíochta na hÉireann sainaitheanta**
Is Éireannaigh iad 50% de na cóitseálaithe ardfheidhmíochta in Éirinn. Shainaithin páirtithe leasmhara róspleáchas ar thallann idirnáisiúnta i spórt ardfheidhmíochta na hÉireann, agus tarraingíodh aird ar riosca soiléir i ndáil le heolas agus le saineolas a choimeád laistigh den chóras. Lena chois sin, níl ach tuiscint theoranta ar riachtanais an spóirt ardfheidhmíochta i measc cóitseálaithe in Éirinn, agus tá bearnaí cumais theicniúla luaite le spóirt shonracha. D'eascair na dúshláin sin as easpa conairí cóitseála soiléire, infheistíochtaí CNR easnamhacha i scéimeanna forbartha cóitseálaithe, agus tuiscint choitianta nach gairm lánaimseartha inmharthana í cóitseáil laistigh d'Éirinn.

**Easpa deiseanna forbartha oiriúnacha, foirmiúla do chóitseálaithe ardfheidhmíochta in Éirinn**
Cruthaíonn ganntanas infheistíochta CNRanna agus an bhéim atá á leagan ar dheiseanna forbartha foirmiúla a chruthú do chóitseálaithe ardfheidhmíochta in Éirinn baol suntasach don chóras. Cuirfidh sé sin teorainn le forbairt cóitseálaithe (agus lúthchleasaithe dá réir sin) laistigh d'Éirinn, ach cuirfidh sé freisin leis an seans go lorgóidh cóitseálaithe deiseanna forbartha i dtíortha eile, rud a chiallóidh nach mbeidh tallann ar fáil do chóras ardfheidhmíochta na hÉireann. Ba cheart leanúint ar aghaidh i dTimthriallta amach anseo le tús áite a thabhairt d'iarrachtaí a rinne Ceannasaí na Cóitseála Ardfheidhmíochta le déanaí chun déileáil leis an nganntanas deiseanna forbartha gairmiúla do chóitseálaithe in Éirinn.

**Bhí tionchar dearfach ag an mbéim a bhí á leagan ag Spórt Éireann ar chóitseáil – ba cheart leanúint ar aghaidh le tús áite a thabhairt dó sin i dTimthriallta amach anseo**

Tharraing páirtithe leasmhara aird ar an luach agus ar an tionchar atá ag Ceannasaí na Cóitseála Ardfheidhmíochta i Spórt Éireann. Thacaigh an Scéim Printíseachta Cóitseálaí chun 15 chóitseálaí a earcú sa chóras ardfheidhmíochta go dtí seo, rud a chinntíonn go bhfuil béim á leagan ar éagsúlacht inscne laistigh de chóitseáil. Ba cheart do Spórt Éireann leanúint ar aghaidh le béim a leagan ar níos mó éagsúlachta laistigh d'fhoireann cóitseála na hÉireann.

**CÁS-STAIDÉAR: SPÓRT ARDFHEIDHMÍOCHTA NA NUA-SHÉALAINNE**

Seoladh an clár monatóireachta dar teideal Te Hapaitanga chun tacú le mná sa réigiún chun tabhairt faoi ghairmeacha sa chóitseáil ardfheidhmíochta. Sanntar meantóir do gach rannpháirtí, a thacóidh lena f(h)orbairt ghairmiúil – agus leagfar béim shonrach ar raon scileanna ceannaireachta a fhorbairt. Cuirtear deiseanna líonraithe laistigh de chóras ardfheidhmíochta na Nua-Shéalainne ar fáil taobh leis an gclár.



## MOLTAÍ:

**Tacú le hInstitiúid Spórt Éireann aistriú chuig samhail fostaíochta hibrideach agus an caidreamh le hInstitiúid Spórt Spóirt Thuaisceart Éireann a bhunú go foirmiúil.**

Ba cheart do Spórt Éireann breis comhoibrithe idir Institiúid Spórt Éireann agus Institiúid Spórt Spóirt Thuaisceart Éireann a éascú, agus é mar aidhm an caidreamh a bhunú go foirmiúil agus lántairbhe a bhaint as deiseanna comhroinnte eolais. Chomh fada is a bhaineann le rannpháirtíocht amach anseo, ba cheart tús áite a thabhairt do shamplaí de dhúbailt agus de neamhéifeachtúlacht acmhainní a shainaithint, agus réitigh a fhorbairt chun déileáil leo sin. Lena chois sin, i bhfianaise thaithí Institiúid Spórt Spóirt Thuaisceart Éireann ar aistriú chuig samhail foirne hibrideach, ba cheart do Spórt Éireann tacú le rannpháirtíocht (e.g., fócasghrúpa) chun an méid a foghlaimíodh a shainaithint chun tacú le hInstitiúid Spórt Éireann aistriú go deas réidh chuig samhail foirne hibrideach.Tá cumas leanúnach Institiúid Spórt Éireann chun soláthraithe seirbhíse ar ardchaighdeán a earcú ríthábhachtach chomh fada is a bhaineann le rath leanúnach na heagraíochta. Dá réir sin, beidh breithniú domhain ar riachtanais éagsúla fostaithe reatha agus fostaithe amach anseo riachtanach chun a chinntiú go bhfuil an chothromaíocht is fearr agus is féidir idir baill foirne bhuana agus ar conradh.

**Tacú le hInstitiúid Spórt Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le samhail réigiúnach chun seirbhísí feidhmíochta a chur ar fáil do lúthchleasaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath**

Ba cheart do Spórt Éireann próiseas comhairliúcháin a éascú, á threorú ag Institiúid Spórt Éireann, chun teacht ar thuiscint ar thuairimí páirtithe leasmhara maidir le samhail seachadta réigiúnach a bhunú do sheirbhísí feidhmíochta. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara ar cheart dul i gcomhairle leo tá CNRanna, lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus baill foirne feidhmíochta. Ba cheart go mbeadh comhairliúchán dírithe ar thuiscint: i) riachtanais laistigh den chóras faoi láthair, ii) réitigh fhéideartha ar na riachtanais sin, agus iii) indéantacht seirbhísí feidhmíochta atá á seachadadh go réigiúnach. Ba cheart go mbeadh torthaí ón bpróiseas sin mar bhonn le cur chuige soiléir, céimnithe a fhorbairt chun soláthar seirbhísí feidhmíochta do lúthchleasaithe atá lonnaithe lasmuigh den Bhaile Átha Cliath a éascú, bunaithe ar shamhail seachadta réigiúnach.

*Tugtar le fios is réamh-hipitéisí Portas Consulting gur dócha go n-éileoidh samhail réigiúnach chun seirbhísí feidhmíochta a sheachadadh comhoibriú suntasach le hinstitiúidí tríú leibhéal chun "moil" réigiúnacha a bhunú a mbeidh baill foirne feidhmíochta lonnaithe iontu. Beidh breithniú breise maidir le conas is féidir le hInstitiúid Spórt Éireann baill foirne feidhmíochta den chéad scoth a choinneáil, a mhealladh agus a choimeád laistigh de "mhoil" réigiúnacha riachtanach chun soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán a chinntiú i dTimthriallta amach anseo.*

**Fís shoiléir 10 mbliana a fhorbairt agus eolas maidir léi a roinnt le haghaidh cóitseáil ardfheidhmíochta in Éirinn le hacmhainní agus le hinfheistíocht thiomnaithe**

Comhoibriú le Ceannasaí na Cóitseála Ardfheidhmíochta agus le hAonad Cóitseála Spórt Éireann chun plean 10 mbliana a fhorbairt ina ndéantar cur síos ar an bhfís do chóitseáil ardfheidhmíochta in Éirinn, agus treochlár soiléir chun an fhís sin a bhaint amach. Ba cheart go n-áireofaí ansin plean chun dlús a chur le hinfheistíocht agus le hacmhainní atá dírithe ar chóitseáil ardfheidhmíochta. Beidh eolas maidir leis an bhfís agus maidir leis an bplean a roinnt le gach páirtí leasmhar riachtanach chun spéis a chothú iontu agus chun ailíniú a chinntiú maidir le tábhacht na cóitseála d'fhorbairt an chórais.

*Moltar i réamh-hipitéisí Portas Consulting gur cheart do Spórt Éireann conairí cóitseála ardfheidhmíochta soiléire a shainiú agus a fhorbairt. Chabhródh sé sin chun cóitseáil a fhorbairt mar ghairm lánaimseartha inmharthana in Éirinn, agus chun tacú le hathrú meoin in earnáil spóirt na hÉireann maidir leis an luach a chruthaíonn cóitseáil don chóras. Lena chois sin, ba cheart do Spórt Éireann tús áite a thabhairt do thacú le CNRanna chun cláir forbartha cóitseála fhoirmiúla a fhorbairt, lena n-áirítear deiseanna foghlama agus forbartha scileanna nua a sholáthar.*

4

# Colún 4: **Struchtúir & Pleanáil Ghnó**



# *Rialachas láidir agus an tsamhail ghnó ardfheidhmíochta*

## TORTHAÍ:

**Bhí tionchar dearfach ag an mbéim a leag Spórt Éireann ar ghairmiúlacht agus ar éagsúlacht inscne ar fud an chórais ardfheidhmíochta**
Tharraing páirtithe leasmhara aird ar ghairmiúlacht mhéadaithe CNRanna, ag ailíniú le sainordú an Bheartais Náisiúnta Spóirt go mbeadh Cód Rialachais do Spórt Éireann á chomhlíonadh ag CNRanna. Chomh maith leis sin, tá éagsúlacht inscne feabhsaithe, agus anois is mná iad 41% de gach ball boird i ngach CNR, sin méadú ó 24% in 2019. Ba cheart d'iarrachtaí a dhéanfar amach anseo tús áite a thabhairt do leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn seo in éagsúlacht inscne i ngach leibhéal den chóras, lena n-áirítear lucht oibre CNT, baill foirne chóitseála agus feidhmíochta.

**Tá tionchar soiléir ag an mbéim atá á leagan ag Spórt Éireann ar lúthchleasaithe, agus ba cheart leanúint ar aghaidh le tús áite a thabhairt dó seo i dTimthriallta amach anseo**
D'fheabhsaigh an bhéim a bhí á leagan ar lúthchleasaithe i rith an Timthrialla seo, agus cheap roinnt CNRanna ionadaithe lúthchleasaithe ar a mBoird agus ar a gCoistí. Tharraing páirtithe leasmhara aird, áfach, ar an ngá atá le níos mó tacaíochta agus oiliúna d'ionadaithe lúthchleasaithe, chun tionchar a ról a uasmhéadú. Chumasódh sé sin líon níos mó CNRanna chun tionchar struchtúr foirmiúil a fhorbairt agus a uasmhéadú ionas gur féidir le lúthchleasaithe cur le próisis chinnteoireachta.

**Tá CNRanna i mbaol rósppleáchais ar mhaoiniú rialtais**
Tarraingíodh aird san athbhreithniú ar riosca soiléir d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais: Róspleáchas CNRanna ar Spórt Éireann do mhaoiniú agus do thacaíocht. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar scrúdú ar na tosca atá ag eascairt as an róspleáchas seo. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar thimpeallachtaí margaidh, ba cheart cé chomh hiomaíoch is atá an margadh urraíochta a shainaithint agus an tslí a mbeidh tionchar aige sin ar spóirt níos lú go háirithe.

De réir mar a fhorbraíonn an córas, ní mór do roinnt CNRanna tairbhe a bhaint as cur chuige níos réamhghníomhaí maidir le pleanáil ghnó agus ioncam a ghiniúint, chun iad féin a chosaint in aghaidh éagsúlachtaí ar infheistíochtaí spóirt rialtais agus chun a bheith níos freagraí as fás a gclár ardfheidhmíochta. Cinnteoidh sé sin go bhfuil tionchair gach infheistíocht sa chóras ardfheidhmíochta á n-uasmhéadú agus inbhuanaithe.

**Tá ganntanas acmhainní tráchtála agus airgeadais laistigh den chóras**
Níl dóthain acmhainní agus cumais ag roinnt foirne bainistíochta CNR chun straitéisí tráchtála agus pleananna airgeadais láidre a fhorbairt, rud a chuireann srian le giniúint ioncaim agus a mhéadaíonn an spleáchas ar mhaoiniú rialtais. Tugtar le fios i dtagarmharcáil idirnáisiúnta go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag tacaíocht mhéadaithe do Spórt Éireann, cosúil le hinfheistíochtaí in earcaíocht agus i bhforbairt ghairmiúil, chun na bearnaí cumais a laghdú amach anseo.




## MOLTAÍ:

**Leanúint ar aghaidh ag tacú le CNRanna chun struchtúir rialachais ghairmiúla a fhorbairt**
Ba cheart do Spórt Éireann leanúint ar aghaidh le béim a leagan ar thacú le agus ar chomhairle a chur ar CNRanna chun struchtúir rialachais ghairmiúla a fhorbairt. Ba cheart go gcuimseofaí i dtionscnaimh chun tacú le CNRanna ceardlanna rialachais agus cláir oiliúna shonracha, ábhar agus acmhainní oideachais, agus seachadadh leanúnach athbhreithnithe rialachais.

Lena chois sin, ba cheart do Spórt Éireann breithniú a dhéanamh ar thacaíocht shonrach a fhorbairt do CNRanna a léiríonn tiomantas láidir d'éagsúlacht inscne. D'fhéadfaí a áireamh anseo tacaíocht a thabhairt do bhunú clár meantóireachta nó forbartha chun treoir, tacaíocht agus deiseanna líonraithe a chur ar fáil do mhná atá páirteach sa chóras ardfheidhmíochta, nó chun tacú le CNRanna chun maoiniú a fháil do thaighde a bhfuil sé mar aidhm leis bacainní ar éagsúlacht inscne i spórt ardfheidhmíochta a shainaithint.

Ba cheart do Spórt Éireann tús áite a thabhairt do chomhpháirtíochtaí agus do chomhoibriú le páirtithe leasmhara spóirt eile, le hinstitiúidí tríú leibhéal agus leis an earnáil phríobháideach a bhfuil sé mar aidhm leo rialachas agus éagsúlacht inscne a fheabhsú laistigh den chóras i dTimthriallta amach anseo.

### CÁS-STAIDÉAR: CUMANN RUGBAÍ CHEANADA

Maoiníonn Clár Rugbaí na mBan Rugbaí Cheanada deiseanna forbartha do mhná atá páirteach sa spórt. T acaíonn ciste bliantúil luach €11,000 le seisear faighteoirí sa bhliain chun a scileanna agus líonraí ceannaireachta a fheabhsú, rud a chruthaíonn conairí níos soiléire, níos foirmiúla do cheannaireacht do mhná Ceanadacha a imríonn rugbaí.

**Straitéis a fhorbairt chun obair réamhghníomhach agus neamhspleáchas CNRanna a mhéadú – agus béim a leagan ar dhéileáil le bearnaí cumais laistigh den chóras**

Beidh straitéis shoiléir chun cur ar chumas CNRanna a bheith níos neamhspleáiche agus níos réamhghníomhaí criticiúil chomh fada is a bhaineann le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais ardfheidhmíochta. Ó tharla go bhfuil fianaise le fáil maidir le bearnaí cumais laistigh den chóras, ba cheart don straitéis tús áite a thabhairt do sholáthar gníomhach tacaíochta chun baill foirne CNR a earcú agus a uasoiliúint. Lena chois sin, ba cheart do Spórt Éireann breithniú a dhéanamh agus ar threoir agus ar acmhainní oideachais a chur ar fail chun tacú le ENRanna chun pleanáil straitéiseach agus ghnó láidir a dhéanamh i dTimthriallta amach anseo. Ba cheart go dtacódh sé sin le CNRanna chun a bheith níos freagraí as fás a gclár ardfheidhmíochta, agus cultúr d'obair réamhghníomhach a chothabháil laistigh d'fhoirne ceannaireachta CNR.

> ***Réamh-hipitéisí Portas Consulting:***
> *Chun déileáil le bearnaí cumais laistigh den chóras, ba cheart go mbeadh ról níos gníomhaí ag Spórt Éireann i dtacú le forbairt earcaíochta agus ghairmiúil fhoireann ceannaireachta CNR. Ba cheart gur comhiarracht a bheadh ann, agus beidh tacaíocht shuntasach ag teastáil ó Institiúid Spórt Éireann, Cumann Cluichí Oilimpeacha na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann go háirithe, chun tacú le forbairt cumais i réimsí éagsúla.*
>
> *Mar chuid den straitéis ba cheart ceardlanna oideachais a sholáthar chun scileanna agus eolas sonracha (e.g., pleanáil ghnó) cheannairí CNR a fheabhsú, agus chun níos mó tacaíochta a thabhairt do bhaill foirne atá ag aistriú chuig róil Bhoird. Ba cheart do Spórt Éireann treoir agus acmhainní oideachais a chur ar fáil (e.g., sraith straitéisí CNR) chun tacú le CNRanna chun tairbhe a bhaint as cuir chuige réamhghníomhacha, neamhspleácha maidir le forbairt straitéise agus pleanáil ghnó. D'fhéadfadh Spórt Éireann breithniú a dhéanamh ar thairbhe a bhaint as saineolas seachtrach chun tacú le hábhar agus le hacmhainní oideachais a fhorbairt.*
>
> *Lena chois sin, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag Spórt Éireann ról níos gníomhaí a bheith aige i bpróisis earcaíochta CNR, chun a chinntiú go bhfuil na ceannairí cearta, leis na tacair scileanna cearta, ag glacadh páirt sa chóras. Ní mór, áfach, go mbeadh sé sin á stiúradh ag CNR – i.e., ba cheart do CNRanna próisis earcaíochta a shainaithint go réamhghníomhach do Spórt Éireann chun róil ghníomhacha a ghlacadh iontu.*

**Tacú le CNRanna chun athbhreithnithe straitéiseacha neamhspleácha a dhéanamh i rith Timthriallta amach anseo**

Ba cheart do CNRanna athbhreithnithe straitéiseacha a threorú i ngach Timthriall – ba cheart iad sin a sheachadadh go hinmheánach, nó trí thacaíocht sheachtrach a fháil ó thríú páirtí. Ba cheart do Spórt Éireann cur chuige soiléir a dhearadh a dhreasaíonn agus a thacaíonn le CNRanna chun athbhreithnithe straitéiseacha rialta a dhéanamh. Ba cheart go gcuimseofaí ansin rannpháirtíocht le agus eolas a roinnt le CNRanna maidir leis an tábhacht a bhaineann le pleanáil straitéiseach, agus an ról suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag athbhreithnithe straitéiseacha chun tacú leis an bpróiseas seo. I measc na sásraí tacaíochta agus dreasachta eile a d'fhéadfadh Spórt Éireann a bhreithniú tá treoir a thabhairt chun a chinntiú go bhfuil CNRanna ag seachadadh athbhreithnithe straitéiseacha dea-chleachtais agus fóirdheontais airgeadais do CNRanna chun saineolas speisialaithe tríú páirtí a fháil ar conradh (e.g., sainchomhairleoirí).




**Leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as poitéinseal tráchtála spóirt in Éirinn**

Ba cheart do Spórt Éireann comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann, chun plean soiléir a fhorbairt chun próifíl spóirt Oilimpeacha agus Parailimpeach na hÉireann a ardú, agus chun ioncam tráchtála sa chóras a uasmhéadú. Ba cheart go n-áireofaí ansin scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna cosúil leis an bhféidearthacht a bhaineann le cearta urraíochta CNR áirithe a dhíol agus tairbhe a bhaint as Campas Spórt Éireann chun ioncam breise a ghiniúint, agus ar an tslí sin spleáchas ar mhaoiniú rialtais a laghdú. Ba chóir tosaíocht a thabhairt do dheiseanna chun giaráil a dhéanamh Agus brandaí spóirt ar leith a thógáil.

**CÁS-STAIDÉAR: FOIREANN NA DANMHAIRGE**

Glacann Foireann na Danmhairge páirt i 'gcomhoibriú' (comhpháirtíochtaí) le CNRanna bunaithe ar thacar soiléir critéir:

- **Treo straitéiseach** – ní mór do gach CNR 'Máistirphlean' a fhorbairt don chomhpháirtíocht, ina sonraítear treo straitéiseach, treochlár soiléir agus plean airgeadais do thréimhse mhaoinithe na comhpháirtíochta.
- **Caighdeáin rialachais shoiléire** – Cinntíonn siad seo go bhfuil CNRanna atá ag obair i gcomhpháirt le Foireann na Danmhairge ag an gcéim aibíochta cheart agus in ann díriú go neamhspleách ar chuspóirí a sheachadadh.

Tá monatóireacht agus meastóireacht riachtanach chun rath na gcomhpháirtíochtaí seo a chinntiú – Déantar athbhreithniú ar 'Mháistirphleanna' ar bhonn bliantúil chun a chinntiú go bhfuil na tionchair bheartaithe ag comhpháirtíochtaí.

# 5 Colún 5: **Comhpháirtíochtaí**



# *Comhoibriú agus ailíniú ar fud an chórais*

## TORTHAÍ:

**Tá gá le níos mó comhoibrithe, comhroinnte eolais agus forbartha comhpháirtíochta i dTimthriallta amach anseo**
Bhí caidreamh maith ag Spórt Éireann lena pháirtithe leasmhara i rith an Timthrialla seo. Shainaithin páirtithe leasmhara comhoibriú laistigh den chóras mar phríomhláidreacht a bhfuil úsáid le baint aisti i dTimthriallta amach anseo. Sainaithníodh forbairt comhpháirtíochta, áfach, mar réimse nach mór níos mó béime a leagan air, agus sainaithníodh deiseanna soiléire do chomhpháirtíochtaí chun déileáil le dúshláin straitéiseacha laistigh den chóras. Ní mór go háirithe go n-éascódh Spórt Éireann agus príomhpháirtithe leasmhara forbairt caidrimh idir CNRanna agus institiúidí tríú leibhéal chun tacú le forbairt conaire, agus chun deis a thabhairt don earnáil phríobháideach réitigh a fhorbairt do dhúshláin shuntasacha atá le sárú ag an gcóras (e.g., teicneolaíocht agus nuálaíocht).

**Feasacht agus tuiscint theoranta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an gcóras i gcomparáid lena spriocanna agus ardaidhmeanna fadtéarmacha Spórt Éireann don chóras**
I measc phríomhpháirtithe leasmhara Spórt Éireann, tá feasacht ar dhul chun cinn an chórais i gcomparáid leis na spriocanna atá sonraithe sa Straitéis Ardfheidhmíochta (2021-2032) teoranta. Ina theannta sin, níl aon tuiscint shoiléir, chomhroinnte ar chiall “den chéad scoth” nó “barr feabhais” i gcomhthéacs spórt ardfheidhmíochta na hÉireann, agus tá uaillmhianta agus ionchais dhifriúla ag páirtithe leasmhara. Is fianaise é sin gur gá níos mó airde a tharraingt ar na dea-scéalta, ar na garspriocanna agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh laistigh den chóras, agus gur gá níos mó cumarsáide a dhéanamh maidir le hionchais agus le huaillmhianta fadtéarmacha Spórt Éireann d’fhorbairt spórt ardfheidhmíochta na hÉireann.






## MOLTAÍ:

**Tús áite a thabhairt do chomhoibriú agus d'fhorbairt comhpháirtíochtaí chun tacú le fás an chórais, go sonrach díriú ar institiúidí tríú leibhéal, an earnáil phríobháideach, agus náisiúin eile den chéad scoth**
Ba cheart do Spórt Éireann leanúint ar aghaidh le forbairt caidrimh idir CNRanna agus institiúidí tríú leibhéal a éascú. Tacóidh sé sin le bunú conairí forbartha lúthchleasaithe nasctha in Éirinn, agus cruthóidh sé níos mó ailínithe laistigh den chóras.

Lena chois sin, ba cheart do Spórt Éireann tairbhe a bhaint as seasamh na hÉireann mar mhol do chuideachtaí teicneolaíochta agus nuálaíochta. Ba cheart go n-áireofaí ansin comhpháirtithe poitéinsúla ón earnáil phríobháideach a shainaithint chun tacú le buntáiste iomaíoch a fhorbairt i réimsí sonracha (e.g., sonraí agus anailísíocht, teicneolaíocht feidhmíochta).

Léiríodh i dtagarmharcáil idirnáisiúnta go bhfuil comhoibriú agus comhroinnt eolais le náisiúin ardfheidhmíochta den chéad scoth riachtanach chun rath an spóirt ardfheidhmíochta a uasmhéadú. Dá réir sin, i dTimthriallta amach anseo, ba cheart do Spórt Éireann iarracht a dhéanamh freisin deiseanna a shainaithint chun caidreamh a fhorbairt agus a threisiú le náisiúin eile den chéad scoth, chun comhoibriú agus comhroinnt eolais a mhéadú, agus chun seasamh idirnáisiúnta na hÉireann a threisiú.

### CÁS-STAIDÉAR: INSTITIÚID SPÓIRT NA RÍOCHTA AONTAITHE

Oibríonn Institiúid Spóirt na Ríochta Aontaithe i gcomhpháirt le BAE Systems, gnólacht innealtóireachta teicneolaíochta ceannródaíoch sa Ríocht Aontaithe. Tá réitigh theicneolaíochta forbartha ag BAE Systems do bhreis is 30 spórt ó bunaíodh an chomhpháirtíocht in 2009.

### CÁS-STAIDÉAR: INSTITIÚID SPÓIRT HONG CONG

Comhoibríonn Institiúid Spóirt Hong Cong le hOllscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta Hong Cong ar thionscadail ghaoth-tholláin do rothaíocht agus do ghaothshurfáil.

### Níos mó rannpháirtíochta a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun feasacht ar rath laistigh den chóras a mhéadú, chun ailíniú a chruthú agus chun spéis a chothú sa Straitéis Ardfheidhmíochta (2021-2032)

Ba cheart do Spórt Éireann athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis chumarsáide chun teacht ar thuiscint ar éifeachtacht an chur chuige atá in úsáid aige faoi láthair chun deis rannpháirtíochta a thabhairt do pháirtithe leasmhara, do lúthchleasaithe agus do chóitseálaithe go sonrach. Ba cheart go mbeadh sé sin mar bhonn le forbairt straitéis chumarsáide nua, ar cheart di a chinntiú go roinntear eolas go soiléir agus go comhsheasmhach le gach páirtí leasmhar maidir le príomh-gharspriocanna, príomhtheachtaireachtaí agus príomhchinntí. Thacódh acmhainn chumarsáide thiomnaithe Spórt Éireann do spórt ardfheidhmíochta le seachadadh agus le dul chun cinn i gcomparáid leis an straitéis.

Ba cheart go mbeadh an chumarsáid ar fad amach anseo dírithe ar fheasacht a mhúscailt faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag an gcóras i gcomparáid le Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032), agus ba cheart go ndéanfaí cur síos ar fhís shoiléir Spórt Éireann chun rath a chinntiú. D'fhéadfadh deiseanna nua a bheith ag baint freisin le tionscnaimh atá ag tacú le rath an chórais chun maoiniú do spórt ardfheidhmíochta a mhealladh agus a dhíghlasáil (e.g., ón rialtas, ó infheisteoirí daonchairdiúla nó ó chomhpháirtithe tráchtála) – ba cheart do Spórt Éireann agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile tairbhe a bhaint as cur chuige réamhghníomhach maidir leis na deiseanna sin a shainaithint agus tairbhe a bhaint astu trí rannpháirtíocht spriocdhírithe.

Chomh maith leis sin, beidh comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara eile i dtimpeallacht spóirt na hÉireann riachtanach chun cumarsáid agus múscailt feasachta éifeachtach i gcomhthéacs phobal na hÉireann a chinntiú. Ní mór do gach páirtí leasmhar fís shoiléir a ailíniú do spórt ardfheidhmíochta in Éirinn (i.e., 'Boinn á mbuachan ag Éireann go seasta ag leibhéal domhanda chun an náisiún agus na glúnta amach anseo a spreagadh'), agus comhoibriú lena chéile ar mhaithe le cur chuige nasctha a fhorbairt chun eolas maidir leis an bhfís sin a roinnt. Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht leis an bpobal dírithe ar scéalta Fhoireann na hÉireann a insint, agus ba cheart spéis an phobail a mhúscailt i spórt ardfheidhmíochta i rith agus idir na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha. Beidh ailíniú maidir le róil agus freagrachtaí soiléire gach páirtí leasmhar riachtanach chun tacú le fás leanúnach an spóirt ardfheidhmíochta in Éirinn.



6

# Colún 6: **Áiseanna & Trealamh den Chéad Scoth**



# *Dlús a chur leis an mbonneagar chun tacú lenár gcóras*

## TORTHAÍ:

**Tá seoladh an Deontais Trealaimh Ardfheidhmíochta ag tacú le CNRanna chun a n-iomaíochas domhanda a chothabháil**
Bhí príomhról ag an Deontas Trealaimh Ardfheidhmíochta, a cuireadh ar fáil in 2021 agus in 2022, i dtacú le CNRanna chun rochtain a fháil ar threalamh ar ardchaighdeán i rith Thimthriall Pháras. Bhí sé sin riachtanach chun cur ar chumas CNRanna a bheith iomaíochas sa timpeallacht dhomhanda ardfheidhmíochta. Bhainfeadh an scéim seo tairbhe as cur chuige níos struchtúrtha, níos foirmiúla chun a chinntiú go bhfuil deiseanna soiléire agus comhionanna ag gach CNR chun rochtain a fháil ar threalamh den chéad scoth i dTimthriallta amach anseo.

**Cruthaíonn ganntanas áiseanna ar ardchaighdeán dúshláin shuntasacha don chóras – fianaise ar riachtanas soiléir ar infheistíocht ar bhonn práinneach**
Thug go leor CNRanna le fios gur bhain dúshlán suntasach le háiseanna i rith an Timthrialla seo. I measc na n-ábhar a bhí ag déanamh imní do dhaoine bhí áiseanna dainséaracha agus damáistithe agus líon easnamhach áiseanna (nó ganntanas iomlán áiseanna) chun lúthchleasaithe a fhorbairt laistigh d'Éirinn. Chomhaontaigh na páirtithe leasmhara go bhfuil dúshláin áirithe níos práinní ná dúshláin eile, ach go mbainfeadh gach spórt tairbhe as níos mó infheistíochta sa réimse seo. Chomh maith leis sin, chumasódh níos mó infheistíochtaí in áiseanna níos mó lúthchleasaithe chun fanacht in Éirinn chun a gcuid traenála a dhéanamh, agus méadódh sé tionchar na CNRanna ar a bhforbairt.

**Gá le breis rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara i Máistirphlean Champas Spórt Éireann**
Rinneadh cur síos i bhforbairt agus i bhfoilsiú Mháistirphlean an Champais ar uaillmhianta agus ar phleananna soiléire, fadtéarmacha chun áiseanna spóirt ardfheidhmíochta a fhorbairt in Éirinn – gné den Timthriall seo ar léir gur éirigh léi. É sin ráite, thug páirtithe leasmhara le fios nach raibh ach tuiscint agus muinín theoranta acu as seachadadh Mháistirphlean an Champais, mar gheall ar na hábhair imní a bhain leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh i ndáil leis. Tharraing an pointe sin aird ar an ngá soiléir a bhí le breis rannpháirtíochta idir Spórt Éireann, an rialtas agus CNRanna i ndáil le pleanáil agus le hullmhú do sheachadadh áiseanna nua in Éirinn.

**Tá deiseanna ann chun poitéinseal tráchtála áiseanna Champas Spórt Éireann a mhéadú**
Shainaithin páirtithe leasmhara gá chun poitéinseal tráchtála áiseanna spóirt ardfheidhmíochta a dhíghlasáil, próifíl Champas Spórt Éireann a ardú agus níos mó ioncaim a ghiniúint don chóras trí chéile. Go sonrach, bhainfeadh CNRanna tairbhe as níos mó deiseanna chun a n-áiseanna a úsáid (ní díreach na háiseanna atá lonnaithe ar Champas Spórt Éireann) chun urraitheoirí agus comhpháirtithe a mhealladh, agus ar an tslí sin sruthanna ioncaim nua a dhíghlasáil, agus a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí airgeadais de de réir a chéile.




## MOLTAÍ:

**Deiseanna tairbheacha, láithreacha a shainaithint agus díriú orthu ar mhaithe le maoiniú d'fhorbairt áiseanna a dhíghlasáil**

Trí thairbhe a bhaint as caidreamh atá bunaithe cheana féin agus as iarrachtaí atá á ndéanamh, ba cheart do Spórt Éireann agus dá pháirtithe leasmhara comhoibriú lena chéile chun feasacht a mhúscailt ar na dúshláin atá ann faoi láthair i ndáil le háiseanna spóirt in Éirinn, agus aird a tharraingt ar an bpráinn a bhaineann le hinfheistíocht. Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht spriocdhírithe le comhlachtaí maoinithe poitéinsiúla i gceist, lena n-áirítear eagraíochtaí rialtais chun infheistíocht a dhíghlasáil agus a chur ar fáil
chun Máistirphlean an Champais a chur chun feidhme.

**Deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh i seachadadh Mháistirphlean an Champais ar mhaithe le soiléire agus le hiontaoibh**

Nuashonruithe maidir le háiseanna a roinnt le páirtithe leasmhara ar bhonn níos rialta, níos comhsheasmhaí, chun a chinntiú go léirítear spéis i Máistirphlean an Champais. Ní mór go mbeadh an chumarsáid sin saincheaptha do riachtanais shonracha páirtithe leasmhara aonair, agus ba cheart go mbeadh sí dírithe ar chur le tuiscint rannpháirtithe ar conas agus ar cathain a fhorbrófar áiseanna (i.e., eolas maidir le príomhchinntí a roinnt le páirtithe leasmhara agus nuashonruithe maidir le dul chun cinn a chur ar fáil).

# Colún 7: **Taighde & Nuálaíocht**



# *Teacht ar thuiscint ar conas dul chun cinn a dhéanamh agus an lámh in uachtar a bheith againn*

## TORTHAÍ:

**Dul chun cinn sásúil a dhéanamh i gcomparáid leis an gcolún seo**
I rith Thimthriall Pháras rinneadh dul chun cinn i ndáil le roinnt tionscnamh tábhachtach a bhain leis an gColún Taighde &Nuálaíochta. San áireamh ansin tá foilsiú Straitéis Taighde Spórt Éireann, comhpháirtíocht fhoirmiúil a fhorbairt idir Institiúid Spórt Éireann agus Insights (Ionad Taighde Anailísíochta Sonraí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann), comhoibriú idir Spórt Éireann, Institiúid Spórt Éireann agus príomhpháirtithe leasmhara eile i ndáil le forbairt Chumann Eolaíochtaí Spóirt agus Aclaíochta na hÉireann (ISESA), agus an comhoibriú leanúnach idir roinnt Aonad gnó Spórt Éireann i ndáil le plean gníomhaíochta nuálaíochta a fhorbairt. Lena chois sin, ghlac líon suntasach CNRanna páirt i dtionscadail taighde aonair i rith an Timthrialla seo.

**Easpa béime straitéisí soiléire do thaighde agus do nuálaíocht i gcóras na hÉireann**
Go ginearálta, áfach, bhí dul chun cinn agus rath ar thaighde agus ar nuálaíocht á seachadadh ar bhonn ad-hoc agus tá siad ag brath ar réimsí spéise taighde aonair (e.g., baill foirne in Institiúid Spórt Éireann). Ainneoin go raibh an dul chun cinn sásúil, ní mór a admháil go bhféadfaí neart feabhsaithe a dhéanamh. Go sonrach, éilíonn an colún seo cur chuige níos spriocdhírithe agus straitéis shoiléir do Spórt Éireann ionas gur féidir leis dlús a chur le taighde suntasach, spriocdhírithe agus le forbairtí nuálaíochta i dTimthriallta amach anseo. Beidh sé sin ríthábhachtach ionas gur féidir le hÉirinn buntáistí iomaíocha a fhorbairt i spóirt ardfheidhmíochta.



## MOLTAÍ:

**Plean cuimsitheach, nasctha a fhorbairt do nuálaíocht spóirt in Éirinn**

Ba cheart do Spórt Éireann leanúint ar aghaidh lena iarrachtaí chun Plean Nuálaíochta Ardfheidhmíochta cuimsitheach a fhorbairt chun dlús a chur le taighde agus le nuálaíocht i spórt ardfheidhmíochta – a chinntiú go bhfuil gach tionscnamh ailínithe le, ag cur le agus ag feabhsú na Straitéise Taighde atá forbartha cheana féin. Ba cheart go mbeadh an plean nasctha le PTFanna stuama chun tionchar spriocdhírithe agus intomhaiste a chinntiú i dTimthriallta amach anseo. Chomh maith leis sin, ba cheart do Spórt Éireann leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar an deis chun Mol Nuálaíochta a bhunú i gCampas Spórt Éireann chun comhordú agus seachadadh an Phlean Nuálaíochta Ardfheidhmíochta a lárú. Thacódh an Mol le CNRanna chun tairbhe a bhaint as tionscadail taighde agus nuálaíochta, trí thairbhe a bhaint as cur chuige spriocdhírithe, céimnithe trí thús áite a thabhairt ar dtús do thacú le CNRanna atá seanbhunaithe.

**Díriú ar chomhpháirtíochtaí leis an earnáil phríobháideach chun buntáiste iomaíoch a chinntiú sa réimse seo**

Tá deis shoiléir ann do Spórt Éireann chun tairbhe a bhaint as seasamh na hÉireann mar mhol do chuideachtaí teicneolaíochta agus nuálaíochta chun tacú le taighde agus le nuálaíocht i spórt ardfheidhmíochta. D'fhéadfadh comhpháirtíochtaí spriocdhírithe le cuideachtaí sna hearnálacha seo buntáistí suntasacha a chruthú do CNRanna, do lúthchleasaithe agus don chóras trí chéile. Ba cheart do Spórt Éireann agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile tairbhe a bhaint as cur chuige réamhghníomhach maidir le comhpháirtithe poitéinsiúla a shainaithint agus deis rannpháirtíochta a thabhairt dóibh san earnáil phríobháideach chun comhpháirtíochtaí tairbheacha a bhunú a bheidh dírithe ar dhéileáil le dúshláin shonracha a bheidh le sárú ag an gcóras agus chun dlús a chur leis an straitéis taighde agus nuálaíochta.




### CÁS-STAIDÉAR: OLYMPIATOPPEN NA hIORUA

Bunaíodh mol eolais lárnach laistigh de 'Olympiatoppen' – an t-ionad feidhmíochta éilíte náisiúnta – chun eolas, taighde agus sonraí na hIorua maidir le spóirt éilíte a bhailiú agus a fhorbairt, chun tacú leis an Iorua feidhmiú mar náisiún spóirt 'den chéad scoth'. Baineann an mol úsáid as prionsabal foghlama comhchoiteann tras- spóirt, lena n-áirítear comhoibriú suntasach le hinstitiúid oideachais tríú leibhéal ar fud na tíre chun eolas agus sonraí a roinnt ar fud an chórais.

### CÁS-STAIDÉAR: PAPENDAL – AN ÍSILTÍR

Comhoibríonn an tIonad Oiliúna Oilimpeach san Ísiltír, Papendal, le Lode chun méadair chumhachta BMX nuálacha a fhorbairt chun neart agus cumhacht sa spórt éilíte a thomhas.

Roimh Chluichí Thóiceo, chomhoibrigh Papendal le VU Amsterdam freisin chun seomra aeráide a fhorbairt a bhí deartha chun lúthchleasaithe a oiliúint, chun déileáil le héilimh thimpeallachta na gCluichí, chun tacú le hullmhúchán roimh Chluichí agus le clíomúchán.

# Conclúid

## Léiríodh san Athbhreithniú ar Thimthriall Pháras gur fhorbair, gur aibigh agus gur éirigh córas ardfheidhmíochta na hÉireann níos gairmiúla i rith Thimthriall Pháras (2021-2024).

D'éirigh le Spórt Éireann, le CNRanna agus le príomhpháirtithe leasmhara eile déileáil leis na dúshláin a tháinig chun cinn i rith an Timthrialla seo, go muiníneach agus go dóchasach i ndiaidh na paindéime. Tá gealltanais agus iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun eispéiris dhearfacha, fhiúntacha a chruthú do gach lúthchleasaí laistigh den chóras, agus tá fianaise ar thuiscint níos fearr ar an tábhacht a bhaineann le leas agus le díriú ar lúthchleasaithe chun barr feabhais a bhaint amach i spórt ardfheidhmíochta. D'eascair an aibíocht agus an téarnamh láidir i ndiaidh na paindéime, i bpáirt, as gealltanais agus as infheistíochtaí leanúnacha an rialtais i gcomhthéacs an spóirt ardfheidhmíochta in Éirinn, mar aon leis an tacaíocht leanúnach a chuir Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann ar fáil do CNRanna.

Sainaithníodh san athbhreithniú seo freisin roinnt dúshlán a bheidh le sárú ag CNRanna agus ag an gcóras a bhfuil sé riachtanach díriú orthu, mar aon le deiseanna soiléire chun spórt ardfheidhmíochta na hÉireann a fhorbairt agus a athrú ó bhonn i rith Timthriallta amach anseo. Beidh comhoibriú leanúnach idir Spórt Éireann, CNRanna, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann agus an Roinn, riachtanach chun a chinntiú go ndéantar gníomh maidir leis na moltaí sin, agus chun a chinntiú go bhfuil an córas ag aistriú agus ag díriú ar a spriocanna comhroinnte. Tá gá le róil agus le freagrachtaí soiléire do gach páirtí leasmhar, mar aon le cultúr de réamhghníomhaíocht agus d'uaillmhian ar fud an chórais.

Ba cheart go dtreoródh agus go dtacódh na torthaí agus na moltaí sainaitheanta i rith an athbhreithnithe seo le cinnteoireacht, le hinfheistíochtaí agus le straitéisí Spórt Éireann amach anseo. Cuirfidh sé sin ar chumas Spórt Éireann, i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara eile i dtimpeallacht spóirt na hÉireann, lántairbhe a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann le spórt ardfheidhmíochta in Éirinn i dTimthriallta Oilimpeacha agus Parailimpeacha amach anseo.

Ar deireadh, is mian le Spórt Éireann agus le Portas Consulting buíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara ar fad a chabhraigh leis an Athbhreithniú ar Thimthriall Pháras. Bhí ról lárnach ag rannpháirtíocht ghníomhach CNRanna, lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus príomhpháirtithe leasmhara eile sna torthaí agus sna moltaí fianaisebhunaithe, láidre atá le fáil sa tuarascáil seo a fhorbairt.

# Aguisín A

Mar chuid d'iarracht 'glór' chóras ardfheidhmíochta na hÉireann a thaifeadadh, roinneadh suirbhé anaithnid leis na 19 CNR a raibh baint acu leis an bpróiseas athbhreithnithe, ar fiafraíodh díobh é a roinnt ina dhiaidh sin leis na cohóirt seo a leanas:
1) Lúthchleasaithe atá páirteach sna Foirne Náisiúnta agus/nó sna Scuaid Náisiúnta.
2) Baill foirne chóitseála agus tacaíochta atá fostaithe/ar conradh le CNR.

Ar an iomlán, chomhlánaigh 187 lúthchleasaí agus 94 cóitseálaí agus ball foirne tacaíochta na suirbhéanna faoi seach. Tá príomhléargas ó na suirbhéanna le fáil sa tábla thíos, agus sa Cholún Straitéiseach gaolmhar do Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann (2021-2032).

Suirbhé na lúthchleasaithe:
1) Fiafraíodh de na CNRanna an suirbhé a roinnt lena lúthchleasaithe sinsearacha agus neamhshinsearacha sainaitheanta.
2) San áireamh sa líon deiridh lúthchleasaithe a chomhlánaigh an suirbhé (n=187) tá raon lúthchleasaithe ón gconair feidhmíochta. San áireamh beidh lúthchleasaithe neamhshinsearacha atá ag tús a n-aistir ardfheidhmíochta, agus lúthchleasaithe a bhuaigh bonn sna Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.
3) I ndáil le pointe 2, beidh leibhéil dhifriúla tacaíochta ag lúthchleasaithe a chomhlánaíonn an suirbhé freisin, cibé acu ó Spórt Éireann, ó Institiúid Spórt Éireann nó óna CNR féin, agus beidh fianaise ar an méid sin ina bhfreagraí. Tá lúthchleasaithe áirithe páirteach i Scéim Cártaí Idirnáisiúnta Spórt Éireann, nó a comhionann (e.g., Scéim Ghairmiúil Ghalf Éireann), agus dá réir sin, tá tacaíocht airgeadais á fáil acu (agus tacaíochtaí gaolmhara eile a bhaineann lena leithéid)

| Léargas Suirbhé | Colún Straitéiseach Gaolmhar |
|---|---|
| Chomhaontaigh 66% de lúthchleasaithe gur thug a CNR tús áite do leas lúthchleasaithe i rith Thimthriall Pháras, ach níl ach 50% de na lúthchleasaithe sásta leis an tacaíocht leasa a bhfuil rochtain acu uirthi. | Colún 2: Feidhmíocht Lúthchleasaithe & Tacaíocht Iomlánaíoch |
| Tá 45% de lúthchleasaithe sásta leis an tacaíocht agus leis na seirbhísí scileanna saoil a raibh rochtain acu orthu (e.g., forbairt ghairme, tacaíocht déghairme, comhairle oideachais nó airgeadais curtha ar fáil ag a CNR, Institiúid Spórt Éireann nó soláthraí seirbhíse eile). | |
| Comhaontaíonn 32% de CNRanna 'go láidir' leis an tuiscint go bhfuil fís shoiléir ann don chosán forbartha lúthchleasaithe, atá á stiúradh go náisiúnta, á chur chun feidhme go réigiúnach agus go bhfuil tuiscint mhaith ag páirtithe leasmhara feadh na conaire uirthi. | |
| Tá 45% de na cóitseálaithe agus den fhoireann feidhmíochta sásta le haithint tallaine, le forbairt lúthchleasaithe agus lena gconairí. | |
| Tá 51% de na lúthchleasaithe sásta leis an méid tacaíochta feidhmíochta, agus tá 57% sásta le caighdeán na tacaíochta feidhmíochta a fuair siad i rith Thimthriall Pháras (san áireamh tá tacaíocht curtha ar fáil ag a CNR, Institiúid Spórt Éireann nó soláthraí seirbhíse eile). | Colún 3: Cóitseáil den Chéad Scoth & Seirbhísí Tacaíochta |
| Comhaontaíonn 54% de CNRanna 'go láidir' go bhfuil cóitseálaithe riachtanach don chlár feidhmíochta, daoine atá i mbun ról lánaimseartha nó a bhfuil dóthain ama acu chun a gcuid obair a dhéanamh. | |
| Comhaontaíonn 50% de na cóitseálaithe agus den fhoireann feidhmíochta go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil dá gcláir ardfheidhmíochta chun a gcuspóirí a chomhlíonadh. | |
| Tá 44% de na cóitseálaithe agus den fhoireann feidhmíochta sásta leis na deiseanna forbartha gairmiúla atá ar fáil dóibh laistigh dá CNR. | |
| Tá imní ar 36% de CNRanna maidir le 'cumas cóitseálaithe atá páirteach sa chonair leanúint ar aghaidh le cóitseáil ardfheidhmíochta in 2032'. | |
| Comhaontaíonn 46% de CNRanna 'go láidir' go bhfuil struchtúir fhoirmiúla bunaithe acu do lúthchleasaithe chun aiseolas a thabhairt maidir le rialachas a gclár ardfheidhmíochta. | Colún 4: Struchtúir & Pleanáil Ghnó |
| Tá 49% de na lúthchleasaithe agus 43% de na cóitseálaithe agus den fhoireann feidhmíochta sásta leis an gcumarsáid ó Spórt Éireann i rith Thimthriall Pháras (e.g., athruithe ar bheartas, leithdháiltí maoinithe). | Colún 5: Comhpháirtíochtaí |
| Tá 64% de na lúthchleasaithe agus 66% de na cóitseálaithe agus den fhoireann feidhmíochta sásta le caighdeán na n-áiseanna agus an trealaimh oiliúna a cuireadh ar fáil dóibh. | Colún 6: Áiseanna & Trealamh den Chéad Scoth |
| Bhunaigh nó bhain 75% de chláir ardfheidhmíochta tairbhe as nuálaíochtaí agus as tionscadail taighde i rith Thimthriall Pháras. | Colún 7: Taighde & Nuálaíocht |
| Comhaontaíonn 46% de lúthchleasaithe gur infheistigh a CNR i nuálaíocht agus/nó tionscadail taighde chun ardfheidhmíocht bharrmhaith a chruthú do lúthchleasaithe atá ag traenáil. | |

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

www.sportireland.ie